Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11763/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0216 (NLE)**

**FISC 190**
**ECOFIN 1027**
**SM 6**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 399 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 399 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 399 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 17.7.2025
COM(2025) 399 final

2025/0216 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Foras agus cuspóirí an togra

Baineann an togra seo le síniú an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne (San Mairíne) maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta[1] (an Comhaontú).

Déantar foráil leis an gComhaontú maidir leis an mbunús dlí le haghaidh uathmhalartú cómhalartach faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus San Mairíne, i gcomhréir leis an gComhchaighdeán Tuairiscithe arna fhorbairt ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE). Cuirtear an caighdeán céanna chun feidhme laistigh den Aontas Eorpach faoi Threoir 2014/107/AE ón gComhairle[2] (TCR 2 – an chéad leasú ar Threoir 2011/16/AE[3] maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais – an Treoir maidir le Comhar Riaracháin (TCR)).

Formheasadh athruithe tábhachtacha ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe ar an leibhéal idirnáisiúnta an 26 Lúnasa 2022[4] agus beidh feidhm acu ón 1 Eanáir 2026. Le Treoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle[5] (TCR8), cuireadh na hathruithe sin chun feidhme cheana laistigh den Aontas Eorpach agus beidh feidhm aici freisin ón 1 Eanáir 2026.

Leis na hathruithe, leathnaítear raon feidhme an Chomhchaighdeáin Tuairiscithe chun a áirithiú go gcumhdaítear táirgí ríomh-airgid agus airgeadraí digiteacha bainc ceannais. Cuireann siad tuilleadh feabhais freisin ar na nósanna imeachta maidir le dícheall cuí agus ar na torthaí tuairiscithe, chun inúsáidteacht fhaisnéis an Chomhchaighdeáin Tuairiscithe a mhéadú le haghaidh riaracháin chánach agus na hualaí ar institiúidí airgeadais a laghdú, i gcás inar féidir.

Chun a áirithiú go ndéanfar an t-uathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus San Mairíne a ailíniú leis an gComhchaighdeán Tuairiscithe a tugadh cothrom le dáta ón 1 Eanáir 2026, agus go leanfar den uathmhalartú sin a dhéanamh i gcomhréir leis an gComhchaighdeán sin, ba ghá leasuithe comhfhreagracha ar an gComhaontú a chaibidliú agus a chomhaontú.

I mí na Bealtaine 2018, cuireadh tús le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n- aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 'RGCS')[6].

Chun a áirithiú go léireofaí na nuashonruithe sin sa Chomhaontú, ba ghá na tagairtí do Threoir aisghairthe 95/46/CE a bhaint agus tagairtí do Rialachán (AE) 2016/679 a chur in ionad na dtagairtí sin. An tráth céanna, tugadh na tagairtí do reachtaíocht náisiúnta San Mairíne maidir

---

1 IO L 381, 28.12.2004, lch. 33.
2 IO L 359, 16.12.2014, lgh. 1-29.
3 IO L 64, 11.3.2011, lgh. 1-12.
4 https://www.oecd.org/en/publications/international-standards-for-automatic-exchange-of-information-in-tax-matters_896d79d1-en.html, lgh. 62-102.
5 Treoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (IO L, 24.10.2023).
6 IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88.

le cosaint sonraí cothrom le dáta freisin. Ar deireadh, rinneadh Airteagal 6 den Chomhaontú chomh maith leis na coimircí cosanta sonraí breise maidir le láimhseáil sonraí a phróiseáiltear faoin gcomhaontú seo (Iarscríbhinn III) a choigeartú de bheagán chun an fhoclaíocht a ailíniú go hiomlán agus chun comhlíonadh leanúnach RGCS a áirithiú. Glacadh cinneadh ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht lena leasaítear an Comhaontú a bhaineann le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne[7].

Tionóladh roinnt babhtaí caibidlíochta agus thángthas ar chomhaontú sealadach i mí an Mhárta 2025. Ina dhiaidh sin, rinne na príomh-idirbheartaithe dréacht-téacs an Phrótacail Leasaithigh a inisiliú an 15 Bealtaine 2025.

Cuireadh an Chomhairle ar an eolas i gcónaí faoin dul chun cinn sa chaibidlíocht sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach agus sa Mheitheal Ardleibhéil. Go háirithe, comhroinneadh téacs an dréacht-Phrótacail Leasaithigh agus pléadh é leis na Ballstáit sular inisilíodh é.

Measann an Coimisiún gur baineadh amach na cuspóirí a shocraigh an Chomhairle ina treoir chaibidlíochta agus go bhfuil an téacs a caibidlíodh inghlactha don Aontas.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Rinneadh leasú an Chomhaontaithe a chaibidliú i gcomhréir leis an treoir chuimsitheach chaibidlíochta a ghlac an Chomhairle an 21 Bealtaine 2024.

Áirithítear leis an bPrótacal Leasaitheach a caibidlíodh go mbeidh an comhaontú atá ann cheana idir an tAontas Eorpach agus San Mairíne ailínithe le reachtaíocht an Aontais sa réimse céanna fós, go háirithe TCR arna leasú le TCR8.

I measc leasuithe eile, áirítear le TCR8 na hathruithe is déanaí ar Chomhchaighdeán Tuairiscithe ECFE. I bhfianaise an dlúthchaidrimh sa réimse seo idir an tAontas Eorpach agus San Mairíne, tá sé tábhachtach an comhar riaracháin lena n-údaráis chánach i réimse an uathmhalartaithe faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais a neartú ar an gcaoi chéanna. Áirithítear leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta go tráthúil go leanfar leis an gcomhar riaracháin seo go réidh agus go héifeachtach tar éis an 1 Eanáir 2026.

Leis na leasuithe ar an gComhaontú, cuirtear san áireamh beartais an Aontais i réimse an chomhraic in aghaidh sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, ós rud é go ndéanfar na gníomhaíochtaí maidir le Dícheall Cuí Custaiméara, a bheidh le déanamh ag na hInstitiúidí Airgeadais, d’fhonn an fhaisnéis i dtaca le cuntais airgeadais a bhailiú lena malartú faoin gComhaontú sin, a ailíniú ar bhealach substaintiúil leo siúd atá le cur i bhfeidhm ag na hInstitiúidí Airgeadais céanna mar eintitis faoi oibleagáid de réir chreat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh sa chomhrac in aghaidh sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta.

Cuirtear san áireamh sa Phrótacal Leasaitheach freisin beartais an Aontais i réimse urraim na gceart bunúsach, go háirithe maidir le cosaint sonraí pearsanta i gcás eis-sreabhadh na sonraí

[7] Cinneadh (AE) 2024/1489 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht lena leasaítear na Comhaontuithe a bhaineann le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise, Prionsacht Lichtinstéin, Prionsacht Andóra, Prionsacht Mhonacó agus Poblacht San Mairíne, faoi seach.

sin chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad agus chuig tíortha nach tíortha LEE iad.

A mhéid a bhaineann leis na codanna a bhaineann leis an gComhchaighdeán Tuairiscithe, áirítear sa Chomhaontú féin, in Airteagal 8, foráil lena gceanglaítear ar na Páirtithe Conarthacha dul i gcomhairle le chéile gach uair a ghlactar athrú tábhachtach ar leibhéal ECFE ar aon cheann d'eilimintí an gComhchaighdeán Tuairiscithe. Déantar foráil leis an Airteagal freisin go bhféadfar an Comhaontú a leasú trí phrótacal idir na Páirtithe Conarthacha tar éis na gcomhairliúchán sin. Ós rud é gur formheasadh athruithe tábhachtacha ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe laistigh de ECFE an 26 Lúnasa 2022, agus i gcomhréir le hinniúlacht eisiach an Aontais a eascraíonn as an gComhaontú atá ann cheana, cuireann an Prótacal Leasaitheach chun feidhme na hathruithe uile is gá chun na hathruithe comhfhreagracha ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe a léiriú. Foráiltear cur chun feidhme na n-athruithe sin laistigh den Aontas trí bhíthin Threoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí**

I bhfianaise phríomhchuspóir agus chomhpháirteanna an Chomhaontaithe, is é Airteagal 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí substainteach an togra seo chuig an gComhairle. Ós rud é go gceanglaítear aontoilíocht do ghníomh de chuid an Aontais le hAirteagal 115 CFAE, is é Airteagal 218(5) CFAE, i dteannta leis an dara fomhír d'Airteagal 218(8), an bunús dlí nós imeachta chun an Prótacal Leasaitheach a shíniú.

- **Inniúlacht an Aontais**

Faoi chásdlí na Cúirte Breithiúnais, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas i gcás ina bhféadfadh comhaontú difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó raon feidhme na rialacha sin a athrú[8]. Cumhdaíodh an dlí-eolaíocht sin in Airteagal 3(2) CFAE.

Mar aon leis na réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas a liostaítear in Airteagal 3(1) CFAE, foráiltear le hAirteagal 3(2) CFAE go mbeidh 'inniúlacht eisiach freisin ag an Aontas comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích nuair a fhorálfar dá thabhairt i gcrích i ngníomh reachtach de chuid an Aontais, nó nuair atá sé riachtanach chun a chumasú don Aontas a inniúlacht inmheánach a fheidhmiú, nó a mhéid ar dóigh dá thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do na rialacha comhchoiteanna nó a raon feidhme a athrú'.

- **Comhréireacht**

Urramaíonn an prótacal leasaitheach prionsabal na comhréireachta agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a chomhlíonadh maidir leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta chun na hathruithe ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe a thiocfaidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2026 a ionchorprú. Cuirfidh na leasuithe sin ar a gcumas do na Ballstáit leanúint d'uathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais a dhéanamh le San Mairíne ar bhealach neamhbhriste, agus ar bhealach atá ailínithe le ceanglais nua an Chomhchaighdeáin Tuairiscithe, mar atá ionchorpraithe cheana féin in TCR8.

---

8 Tuairim 3/15 ón gCúirt, ECLI:EU:C:2017:114, mír 118 agus an cásdlí a luaitear ann.

- **An Rogha Ionstraime Dlí**

Foráiltear le hAirteagal 218(5) CFAE go gcuirfidh an Coimisiún nó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tograí faoi bhráid na Comhairle, a ghlacfaidh cinneadh lena n-údarófar comhaontú idirnáisiúnta a shíniú. I bhfianaise ábhar an chomhaontaithe atá beartaithe, is iomchuí don Choimisiún togra a thíolacadh chuige sin.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Measúnú tionchair**

I gcomhréir le huirlis 7 de Rialáil Níos Fearr[9], níl gá le measúnú tionchair, *inter alia*, nuair nach mbíonn mórán rogha nó aon rogha ar bith ag an gCoimisiún sa chás lena mbaineann.

Comhlíontar an coinníoll sin sa chás seo toisc go bhfuil na leasuithe ar na Comhaontuithe atá ann cheana maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais ailínithe go hiomlán leis na hathruithe ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe a comhaontaíodh ar leibhéal ECFE agus atá ionchorpraithe cheana féin i ndlí an Aontais Eorpaigh trí bhíthin TCR8. Ar deireadh, níl na hathruithe ar chosaint sonraí dírithe ach ar thagairtí do reachtaíocht an Aontais agus San Mairíne maidir le cosaint sonraí a thabhairt cothrom le dáta agus coigeartú beag a dhéanamh ar Airteagal 6 chomh maith leis na coimircí cosanta sonraí breise a áirítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gComhaontú chun an fhoclaíocht a ailíniú go hiomlán agus chun comhlíonadh leanúnach RGCS a áirithiú.

- **Cearta bunúsacha**

Urramófar sa phrótacal leasaitheach atá beartaithe a ghabhfaidh leis an gComhaontú príomhluachanna an Aontais Eorpaigh mar a bhunaítear iad in Airteagal 2 CFAE agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ag an togra maidir le buiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Cumhdaítear na pointí seo a leanas leis na leasuithe atá beartaithe:

> *1. Leasuithe chun a áirithiú go ndéanfar an t-uathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais idir na Ballstáit agus San Mairíne faoin gcomhaontú atá ann cheana a ailíniú leis an gComhchaighdeán Tuairiscithe uasdátaithe ón 1 Eanáir 2026 agus go leanfar den uathmhalartú sin a dhéanamh i gcomhréir leis an gComhchaighdeán sin*

Leis na leasuithe atá beartaithe, leathnaítear raon feidhme an tuairiscithe chun táirgí airgeadais digiteacha nua a chur san áireamh, amhail Táirgí Ríomh-Airgid Sonraithe agus Airgeadraí Digiteacha Bainc Ceannais. An tráth céanna, chun feabhas a chur ar iontaofacht agus úsáid na faisnéise malartaithe, tugtar isteach leis na leasuithe ceanglais tuairiscithe níos mionsonraithe agus nósanna imeachta díchill chuí neartaithe.

---

[9] https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/br_toolbox-nov_2021_en_0.pdf

Tá forálacha sna leasuithe freisin chun idirghníomhaíocht éifeachtúil a áirithiú idir an Comhchaighdeán Tuairiscithe agus an Creat Tuairiscithe Cripteashócmhainní ar leithligh a d'fhorbair ECFE[10]. Leis na forálacha sin, is féidir cásanna tuairiscithe dúblaigh a theorannú, agus uasmhéid solúbthachta oibríochta na n-Institiúidí Airgeadais Tuairiscithe atá faoi réir oibleagáidí faoin gCreat Tuairiscithe Cripteashócmhainní á choinneáil ar bun an tráth céanna.

Déantar foráil maidir leis na ceanglais leasaithe sin maidir le tuairisciú agus uathmhalartú faisnéise laistigh d'Airteagail 1-3 agus d'Iarscríbhinn I. Beidh feidhm acu ón 1 Eanáir 2026.

*2. Nuashonrú ar an tagairt dhlíthiúil i dtaca le reachtaíocht maidir le cosaint sonraí agus sonraíocht maidir le coimircí cosanta sonraí breise*

Cuireadh tagairtí do RGCS in ionad na dtagairtí uile do Threoir 95/46/CE.

An tráth céanna, rinneadh an tagairt dhlíthiúil do reachtaíocht náisiúnta San Mairíne maidir le cosaint sonraí a thabhairt cothrom le dáta chuig Dhlí Uimh. 171 an 21 Nollaig 2018. Ar deireadh, rinneadh Airteagal 6 agus na coimircí cosanta sonraí breise a áirítear in Iarscríbhinn III a choigeartú de bheagán chun an fhoclaíocht a ailíniú agus chun comhlíonadh leanúnach RGCS a áirithiú.

- **Síniú agus téacs an Phrótacail Leasaithigh**

Cuirtear téacs an Phrótacail Leasaithigh faoi bhráid na Comhairle in éineacht leis an togra seo. Cuirtear téacs na ndearbhuithe comhpháirteacha isteach in éineacht leis an togra seo.

I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé a áirithiú go síneofar an Prótacal Leasaitheach, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

[10] https://www.oecd.org/en/publications/international-standards-for-automatic-exchange-of-information-in-tax-matters_896d79d1-en.html, lgh. 8-61.

2025/0216 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 115, i dteannta le hAirteagal 218(5) agus an dara fomhír d'Airteagal 218(8) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta[11] ('an Comhaontú'), feabhsaíodh cúnamh frithpháirteach i gcúrsaí cánach idir na páirtithe conarthacha agus cuireadh feabhas ar chomhlíontacht cánach idirnáisiúnta.

(2) Formheasadh athruithe tábhachtacha ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe ar an leibhéal idirnáisiúnta an 26 Lúnasa 2022[12] agus tugadh isteach iad i reachtaíocht an Aontais leis an leasú ar Threoir 2011/16/AE ón gComhairle le Treoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle[13].

(3) An 21 Bealtaine 2024, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht chun an Comhaontú a leasú chun na hathruithe ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe a formheasadh ar an leibhéal idirnáisiúnta a léiriú. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil trí inisiliú an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta ('an Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú').

(4) Leis na treoracha caibidlíochta, ceanglaíodh ar an gCoimisiún freisin na tagairtí dlíthiúla do reachtaíocht na bpáirtithe conarthacha maidir le cosaint sonraí a thabhairt cothrom le dáta agus, i gcás inarb iomchuí, coimircí cosanta sonraí breise a shonrú chun comhlíonadh leanúnach Rialachán (AE) 2016/679 a áirithiú.[14]

(5) Is léiriú cuí é téacs an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú, atá mar thoradh ar an gcaibidlíocht, ar an treoir chaibidlíochta a d'eisigh an Chomhairle.

---

[11] IO L 346, 31.12.2015, lgh. 1-41; IO L 140, 27.5.2016, lgh. 1-2.

[12] https://www.oecd.org/en/publications/international-standards-for-automatic-exchange-of-information-in-tax-matters_896d79d1-en.html, lgh. 62-102.

[13] Treoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (IO L, 24.10.2023).

[14] IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15].

(7) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú a shíniú thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh sin a ghabhann leis an gComhaontú.[16].

*Airteagal 2*

Formheastar leis seo Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir leis an gComhaontú agus na hIarscríbhinní, Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir le hAirteagal 5 den Chomhaontú, Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir leis an gcaidreamh idir San Mairíne agus an tAontas Eorpach, Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir leis an sainmhíniú ar Bhanc Ceannais agus Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir le teacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

15 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lgh. 39-98).

16 Foilseofar téacs an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú mar aon leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.